

Targaireacht Shophonias

Deir Naomh Ierome go gciallaíonn an focal Sophonias “fear faire an Tiarna”, nú “Ceilte” an Tiarna. I dtosach Iosiais is ea ’ bhí sé ag targaireacht. I Sarabata do rugadh é, agus de réir na barúla is coitine de threibh Shímeóin ab ea é. Do thargair sé an pionós a bhí le cur ar na Giúdaígh mar gheall ar a n-íodaladhradh agus mar gheall ar a ndrochghníomharthaibh eile. Agus, leis, na pionóisí a bhí le teacht ar a lán náisiún. Agus do thargair sé teacht Chríost agus iompáil na nGeinte chun an chreidimh, agus daille na nGiúdach, agus a n-iompáil sin chun an chreidimh nuair a bheidh deireadh an tsaeil ag teacht.

Caib. a hAon

Breithiúntas géar dá bhagairt ar ríocht Iúda mar gheall ar a lán peacaí troma.

1 Briathar an Tiarna a tháinig chun Sophonias mac Chúsí, mhic Ghodoliais, mhic Amariais, mhic Esechiais, i laethibh Iosiais mhic Ammoin rí Iúda.

2 Baileód¹ go baileach gach ní i deannta ’ chéile ó aghaidh na talún, adeir an Tiarna. 3 Baileód idir dhuine agus beithíoch; baileód éanlaithe an aeir agus éisc na farraige, agus tiocfaidh léirscrios ar lucht díchreidimh, agus ídeód na daoine ó aghaidh na talún, adeir an Tiarna.

4 Agus sínfead amach mo lámh ar Iúda agus ar a bhfuil de dhaoineibh ’na gcónaí i gcathair Iérúsalem. Agus díisceód amach as an áit seo iarsma Bhaail, agus ainmneacha lucht cimeáda² an teampaill mar aon leis na sagartaibh. 5 Agus iad san a bhíonn ag adhradh sló neimhe ar bharraibh tithe, agus iad san a bhíonn ag adhradh agus ag dearbhú dar an Tiarna, agus ag dearbhú dar Melchom³. 6 Agus iad san a bhíonn ag iompáil i leataoibh ón dTiarna do leanúint, agus nár loirg an Tiarn agus nár chuardaigh é. 7 Bídh ciúin os cómhair aghaidh a’ Tiarna Dia: óir tá lá an Tiarna i bhfogas, agus tá *victim* ollamh ag an dTiarna. Táid an mhúintir a ghlaeigh sé naomhaithe aige.

8 Agus tiocfaidh chun cinn i ló *victime* an Tiarna go dtabharfad cuaird ar na príúnsaibh, agus ar mhacaibh an rí, agus ar an uile dhuine ar a bhfuil éadach iasachta. 9 Agus tabharfad cuaird sa ló san ar an uile dhuine a bhíonn ag dul isteach go mórchúiseach de dhruim na táirsí: orthu san a bhíonn ag líonadh tí a dTiarna Dia le mallaitheacht agus le feall.

10 Agus beidh, sa ló san, adeir an Tiarna, guth callóide i ngeata an éisc, agus uallthairt ón *Second*⁴, agus éirleach mór ó sna cnucaibh. 11 Bídh ag búirthigh, a lucht cónaithe an Mhortéir⁵. Táid múintir Chanaain uile ciúin, iad san uile a bhí fillte in airgead táid siad ídithe.

12 Agus titfidh amach an uair sin go gcuardód Iérúsalem le lóchrannaibh, agus go dtabharfad cuaird ar na fearaibh atá socair ar a ndríodar⁶; na fir adeir ’na gcroithibh: ní dhéanfaidh an Tiarna

1 Caib. 1. véar. 2. “Baileód”. .i. Is deimhin do dtógfad chun siúil agus go n-ídeód amu’ ’s amach, le braighdineas nú le bás, idir dhaoineibh agus beithígh, amach as an dtír seo.

2 Véar. 4. “An lucht cimeáda”, .i. lucht cimeáda na dteampall ’na raibh na hídail, “Aedituos”, san Éabhrais na “Chemarim”, .i. lucht na dtínte ’ dh’adú agus na túise do dhó.

3 Véar. 5. “Melchom”, íodal na nAmmoníteach.

4 Véar. 10. “An Second”, bhí an ainm sin ar pháirt den chathair.

5 Véar. 11. “An Mortéir”. “Macteis”, .i. gleann a bhí i gcathair Iérúsalem nú ’na haice.

—*Ibid.* “Múintir Chanaain”. Tugann sé an ainm sin ar na Giúdaígh mar gheall ar shlitibh na gCanaaníteach a bheith acu dá leanúint.

6 Véar. 12. “Socair ar an ndríodar”, .i. lucht saibhris; daoine a bhí ag maireachtaint ar a suaimhneas, socair ar a gcuid saibhris, ar nós an fhíona ar a dhríodar.

maith ná ní dhéanfaidh sé díobháil. 13 Agus déanfaidh foghail dá neart, agus déanfaidh uaigneas dá dtithibh. Agus déanfaid siad tithe agus ní dhéanfaid siad cónaí iontu. Agus saothróid siad fíonghuirt agus ní ólfaidh siad an fíon a thiocfaidh astu.

14 Tá lá mór an Tiarna i bhfogas, tá sé i bhfogas, agus mear thar na beartaibh. Tá guth lae an Tiarna searbh, is ansan a gheóbhaidh an fear cómhachtach cruatan. 15 Lá díbheirge is ea an lá san, lá cruatain, lá anaithe, lá donais, lá léin, lá doircheachta agus diamhaire, lá scamall agus gaoithe guarnain. 16 Lá trúmpa agus sceóin in aghaidh na gcathrach ndaingean agus na bhfallaí árd chun cosanta. 17 Agus cuirfeadsa buaireamh ar na fearaibh agus beid siad ag siúl mar ' bheadh daoine dalla, mar tá peacaí déanta acu in aghaidh an Tiarna, agus scaoilfar a gcuid fola amach ar nós cré agus a gcuirp ar nós aoiligh. 18 Agus ní bheidh ar chumas a gcuid airgid ná a gcuid óir iad d'fhuascailt i ló díbheirge an Tiarna. Ídeófar an talamh go léir le tine a éada, óir déanfaidh sé léirscrios obann ar a bhfuil de dhaoineibh 'na gcónaí ar an dtalamh.

Caib. a Dó

Cómhairle chun aithrí. An bhreith ar an Philistínigh, ar na Moabítigh, ar na hAmmonítigh: ar na hÉtiópachaibh: ar na hAssúiríánachaibh.

1 Bailídh sibh féin i dteannta ' chéile. Cruinnítear i dteannta ' chéile sibh, a náisiúin nách fiú sibh grá ' thabhairt díbh: 2 sara mbeiridh an bhreith an lá ar nós ceóigh ag gluaiseacht chun siúil, sara dtagaidh fearg fíochmhar an Tiarna oraibh, sara dtagaidh lá díbheirge an Tiarna oraibh. 3 Bídhse ag lorg an Tiarna, a dhaoine ceannsa an domhain, sibhse a dheineadh a bhreith, loirgidh an t-aon ceart, loirgidh an ceannsa: féachaint an bhfaigheadh sibh in aon chor dul i bhfolach i ló díbheirge an Tiarna. 4 Óir ídeófar Gasa, agus beidh Ascalon in' uaigneas, agus caithfar Asótus amach i lár an lae, agus stracfar Accaron as a phréamhachaibh.

5 Mairg díbhse atá 'núr gcónaí ar bruach na farraige, a náisiúin cuirpeach. Briathar an Tiarna ortsa, a Chanaain, a thalamh na bhFilistíneach, agus ídeód thu i dtreó ná beidh duine 'na chónaí ionat. 6 Agus beidh bruach na farraige in' inead suaimhnis ag aeiríbh, agus 'na chróitibh beithíoch, 7 agus beidh sé mar chuid ag an té a bheidh fágtha de theaghlach Iúda: ansan a dhéanfaid siad fosaíocht: i dtithibh Ascaloin a ghlacfaid siad suaimhneas um thráthnóna. Óir tabharfaidh a dTiarna Dia cuaird chúthu agus tabharfaidh sé a mbraighdineas thar n-ais.

8 Do chloiseas an tarcaisniú ó Mhoab, agus an diamhasla ó chlaínn Ammoin, lenar tharcaisníodar mo phobal, dhá méadú féin ar a gcríochaibh sin. 9 Dá bhrí sin, mar is beó me, adeir Tiarna na sló, Dia Israél, beidh Moab mar atá Sodom, agus clann Ammoin mar atá Gomorrha, 'na thíormacht deilgne, agus 'na chruachaibh salainn, agus in' uaigneas go deó deó. Déanfaidh iarsma mo dhaoine foghail díobh, agus sealbhóidh dríodar mo náisiúin iad. 10 Tiocfaidh san orthu mar gheall ar a n-uabhar: óir do dheineadar diamhasla agus do mhéadaíodar iad féin os cionn pobail Thiarna na sló. 11 Beidh an Tiarna go scannrúil orthu, agus ídeóidh sé déithe uile an domhain: agus beid siad dhá adhradh, gach duine ón' áit féinig, oileáin uile na nGeinte.

12 Agus sibhse, a Étiópacha, beidh sibh marbh ageam chlaíomhsa.

13 Agus sínfidh sé amach a lámh ar an dtuaisceart, agus ídeóidh sé Assúiria: agus déanfaidh sé fiantas den chathair álainn⁷, agus áit nách féidir a ghabháil, agus uaigneas. 14 Agus luífid tréadta istigh 'na lár, beithígh uile na náisiún: agus beidh an bonnán léana agus an ghráinneóg ag cónaí 'na táirsigh: guth an éin ag ceiliúradh sa bhfinneóg, agus an fiach dubh ar an bhfárdorus, óir ídeóds a neart. 15 Sin í an chathair ghlórmhar a bhí 'na cónaí ar a socracht: agus adeireadh 'na

7 Caib. 2. véar. 13. "An chathair álainn", .i. Ninive. Do hídíodh Ninive go luath tar éis na haimsire sin, .i. sa séú bliain déag de réim Iosiais.

croí: Táim ann agus níl ann ach me. Cad é mar atá sí 'na huaigneas! 'Na háit do bheithigh chun luite! Gach duine a gheóibhaidh tháirsi beidh sé ag siosarnaigh agus ag luascadh a lámha.

Caib. a Trí

Mairg do chathair Iérúsalem mar gheall ar a peacaíbh. Targarthar iompáil na nGeinte chun an chreidimh, agus iompáil na mbocht in Israél chun Dé. Iompófar na Giúdaigh fé dheireadh.

1 Mairg don chathair ghoirgitheach do fuascladh, an colúr. 2 Níl éistithe aici leis an nguth, ná níor ghlac sí smacht. Ní raibh a muinín aici as an dTiarna, ná níor tháinig sí i ngar dá Dia. 3 Táid a priúnsaí 'na lár agus iad mar ' bheadh leóin ag búirthigh: machtíri um thráthnóna a breithiúin. Níor fhágadar blúire i gcómhair na maidine. 4 Fir gan chiall gan chreideamh is ea a fáidhí. Táid a sagairt tar éis an *tsanctuáriuim* do thruailliú. Táid siad tar éis na héagóra ' dhéanamh i gcoinnibh na dlí.

5 Tá an Tiarna ceart 'na lár, ní dhéanfaidh sé éagóir: ar maidin, ar maidin, a thabharfaidh sé a bhreith chun an tsolais agus ní ceilfar í: ach níor chuir an duine mallaithe aithne ar náire. 6 D'ídíos na geinte, agus táid a dtúir briste ar lár; tá uaigneas déanta agam dá slitibh i dtreó ná fuil éinne a ghabhann an treó. Táid a gcathracha scriosta, agus níl aon duine fágtha iontu ná aon áitreabhach. 7 Duart áfach: gan amhras beidh eagla agat rómham, glacfair smacht: agus ní raghaidh a háit chónaithe ar ceal, ar son na nithe go léir 'nar thánag ag triall uirthi. Ach d'éiríodar go moch agus do thruailliódar a smaointe go léir. 8 Dá bhri sin bí ag súil liom, adeir an Tiarna, i ló m'aiséirithe atá le teacht, óir is í mo bhreith na Geinte do chruinniú, agus na ríochta do bhailiú, agus mo dhíbhéirg do scaoileadh amach orthu, mo lonn garg go léir. Óir le tine m'éada do hídeófar an domhan go léir. 9 Óir, an uair sin, tabharfad thar n-ais don phobal beól tofa, i dtreó go nglaofaid siad go léir ar ainm an Tiarna agus go ndéanfaid siad a thoil le haon ghualainn amháin. 10 Beid clann mo dhaoine* atá scaipithe ag guí chum ón dtaobh eile d'aibhníbh Éitíópia agus ag tabhairt ofrálacha chum.

11 Sa ló san ní curfar náire ort mar gheall ar do ghníomharthaibh go léir, lenar dheinis iomarbhas im aghaidh. Óir tógfad amach as do lár, an lá san, do lucht maímh atá uaibhreach, agus ní bheidh tú 'ot árdú suas a thuilleadh, mar gheall ar mo shliabh naofa. 12 Agus fágfadsa istigh it lár pobal bocht dealbh, agus beidh a muinín acu as ainm an Tiarna. 13 Ní bheidh iarsma Israél ag déanamh mallaitheachta ná ag ínsint éithigh, ná ní bheidh teanga mhealltach le fáil, 'na mbéal, óir íosfaid siad bia agus luífid siad síos agus ní bheidh éinne chun eagla do chur orthu.

14 Bhí ag moladh, a iníon Shíoin. Bí ag liúirigh, a Israél. Bíodh áthas ort agus dein gáirdeachas ód chroí go hiomlán, a iníon Iérúsalem. 15 Tá an Tiarna tar éis do bhreithe do thógaint chun siúil. Tá sé tar éis do namhad a dhíbirt. Tá an Tiarna, rí Israél, id lár istigh. Ní bheidh eagla uilc ort a thuilleadh. 16 Sa ló san déarfad le Iérúsalem: Ná bíodh eagal ort: le Síon: Ná lagaítear do lámha. 17 Tá do Thiarna Dia istigh id lár go cómhachtach, sábhálfaidh sé féin, déanfaidh sé gáirdeachas os do chionn le háthas. Beidh sé ciúin 'na ghrá, beidh sé áthasach os do chionn ag moladh. 18 Na suaracháin a bhí imithe ón ndlí cruinneód i dteannta ' chéile iad ó ba dhíotsa iad, i dtreó ná tabharfar náire dhuit a thuilleadh mar gheall orthu. 19 Féach ídeód gach ar chuir cruatan ort an uair úd, agus sábhálfad í sin atá bacach, agus baileód í siúd a bhí caite amach, agus gheóbad* moladh agus ainm sa tír go léir 'nar cuireadh mearaí orthu: 20 an uair sin nuair a thabharfad liom sibh, agus an uair sin nuair a bhaileód sibh, óir tabharfad díbh ainm agus moladh i measc daoine uile an domhain, nuair a bheidh úr mbraighdineas tabhartha thar n-ais agam os cómhair úr súl.

Nótaí

3 *Clann mo dhaoine atá scaipithe*: this is a partial translation, as the Douay Bible here has “my suppliants the children of my dispersed people”.

3 *Gheóbbhad moladh agus ainm sa tír go léir*: this is a partial translation, as the Douay Bible here has “I will get them praise, and a name, in all the land”; the word “them” is not translated here.